

Ag cur tús le dán

Fad: 40 – 50 nóiméad

Dán ar leathanach do gach duine

– m. sh Mo Ghrá-sa (idir lúibíní) le Nuala Ní Dhomhnaill

Postits

Leathanaigh móra A3 agus marcóirí

An Tús – léamh agus fuaimniú

Roinn an rang ghrúpa i mbeirteanna. Tabhair cóip den dán do gach duine, agus iarr ar gach beirt an dán a léamh os ard dá chéile, abairt amháin an duine. Tosnaíonn an chéad duine leis an gcéad líne, leanann an dara duine leis an dara líne agus mar sin de go dtí go dtagann siad go deireadh an dáin, ansin léann siad os ard arís, ach tosnaíonn an dara duine leis an gcéad líne. Sa chaoi seo, léitear an dán faoi dhó go hiomlán.

5 nóiméad

Anois iarr ar gach duine marc a chur ar na

- i. focail nach dtuigeann siad
- ii. na focail a thaitníonn leo – maidir le brí nó fuaimniú de.

4 nóiméad

Tagann na beirteanna le chéile i ngrúpaí ceathrar agus déanann siad iarracht teacht ar bhrí na bhfocal nach dtuigeann siad. Cabhraíonn an múinteoir leis na grúpaí má tá deacrachtaí acu. *(Ní gá dul isteach go mion anseo – níl míniú díreach ar gach abairt i gceist!)*

5 nóiméad

Anois léann an múinteoir an dán os ard go mall, agus tagann na foghlaimeoirí isteach ag rá na bhfocal a thaitníonn leo, amach os ard, leis an múinteoir.

4 nóiméad

Íomhá, Mothúchán agus Suíomh

I ngrúpaí de cheathrar, piocann na foghlaimeoirí amach íomhá, suíomh agus mothúchán atá luaite sa dán. Cuireann siad ar post-it iad, agus greamaíonn siad an post-it ar an gclár.

Anois, piocann gach grúpa post-it eile ón gclár, ceann nár scríobh siad féin. Sa chaoi seo tá íomhá, suíomh agus mothúchán nua ag gach grúpa.

6 nóiméad

Cumadóireacht

Ar leathanach mór le chéile, scríobhann gach grúpa dán 4 líne, ag baint úsáid as an eolas a fuair siad ar an post-it – suíomh, mothúchán agus íomhá. Anois tá dán nua ag gach grúpa, scríofa ar leathanach mór. Malartaigh na dánta seo timpeall an ranga.

10 nóiméad

Pictiúr Reoite

Déanann gach grúpa de cheathrar pictiúr reoite ag léiriú an dáin nua a fuair siad ar an leathanach. Cuireann siad an pictiúr reoite seo i láthair an ranga, grúpa ar ghrúpa, agus déanann an rang tomhais ar cén mothúchán, suíomh agus íomhá atá léirithe.

6 nóiméad

Plé

An féidir leis an rang líne ón mbun dán a chur le gach pictiúr reoite? Cá bhfuil an trasnaíl idir an bun dán agus na dánta nua? Cén chodarsnacht nó comparáid atá ann? An bhfuil siad in ann na téamaí céanna a fheiceáil sna dánta uilig? An féidir leo cur síos a dhéanamh ar na suíomhanna, na híomhanna agus ar na mothúcháin a fheiceann siad?

5 nóiméad

Gníomhaíochtaí eile

- Déan pictiúr reoite de íomhá / mothúchán sa bhun dán. Cuir líne ón dán leis.
- Déan léitheoireacht chórúil ar an dán – ag spraoi leis na focail éagsúla a bhí piochta amach ag an rang, friotal, foghraíocht etc
- Cum pictiúirí reoite eile a théann roimh agus i ndiaidh na bpictiúirí reoite nua
- Cuir abairtí le gach pictiúr reoite
- Pléigh...an bhfuil scéal nua sna dánta nua? an dtagann siad leis an mbun dán? cén chosúlachtaí atá ann?